Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

14734/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0404(COD)

CODEC 1965
EF 323
ECOFIN 1177
SURE 29
PE 238

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 2009/65/AE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a mhéid a bhaineann le riosca comhchruinnithe a láimhseáil i leith contrapháirtithe lárnacha agus an riosca contrapháirtí ar idirbhearta díorthach a imréitítear go lárnach<br>- An toradh ar an gcéad léamh ó Pharlaimint na hEorpa agus an nós imeachta ceartúcháin<br>(Strasbourg, an 24 Aibreán 2024 agus an 22 Deireadh Fómhair 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla i ndáil leis an nós imeachta comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad reachtach seo ar an gcéad léamh.

Measadh go rachadh an comhad sin[2] faoi réir an nós imeachta ceartúcháin[3] i bParlaimint na hEorpa tar éis don Pharlaimint a bhí ann roimhe seo an seasamh uaithi a ghlacadh ar an gcéad léamh.

1 IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.
2 10078/24.
3 Riail 251, Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.

## II. VÓTÁÍ

Ag an gcruinniú a bhí aici an 24 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa leasú 2 (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch) ar an togra ón gCoimisiún agus rún reachtach, arb é atá ann an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh. Léirítear ann an méid a comhaontaíodh go sealadach idir na hinstitiúidí roimhe sin.

Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d’fhormheas Parlaimint na hEorpa an 22 Deireadh Fómhair 2024 ceartúchán ar an seasamh a glacadh ar an gcéad léamh.

Faoi chuimsiú an cheartúcháin sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[4], rud a thabharfadh an chéad léamh chun críche i gcás an dá institiúid.

D’fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

---

4 Leagtar amach téacs an cheartúcháin san Iarscríbhinn. Cuirtear i láthair mar théacs comhdhlúite é, agus léirítear athruithe ar an togra ón gCoimisiún i gcló trom iodálach. Is leis an tsiombail ‘▌’ a léirítear téacs a scriosadh.

**IARSCRÍBHINN**

**(22.10 2024)**

Parlaimint na hEorpa

2019-2024

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P9_TA(2024)0349

# Riosca comhchruinnithe a láimhseáil i leith contrapháirtithe lárnacha agus an riosca contrapháirtí ar idirbhearta díorthach a imréitítear go lárnach

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024 maidir leis an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/65/AE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a mhéid a bhaineann le riosca comhchruinnithe a láimhseáil i leith contrapháirtithe lárnacha agus an riosca contrapháirtí ar idirbhearta díorthacha a imréitítear go lárnach (COM(2022)0698 – C9-0411/2022 – 2022/0404(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0698),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 53(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0411/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 26 Aibreán 2023[1],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealluint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 14 Feabhra 2024 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

1 IO C 204, 12.6.2023, lch. 3.

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0399/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2022)0404**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a mhéid a bhaineann le riosca comhchruinnithe a eascraíonn as neamhchosaintí a láimhseáil i leith contrapháirtithe lárnacha agus an riosca contrapháirtí in idirbhearta díorthacha a imréitítear go lárnach**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 IO C 204, 12.6.2023, lch. 3.
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun comhsheasmhacht le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] a áirithiú agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, is gá sraith aonfhoirmeach rialacha a leagan síos i dTreoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] chun aghaidh a thabhairt ar riosca contrapháirtí in idirbhearta díorthacha a dhéanann gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI), i gcás ina ndearna ***contrapháirtí lárnach (CPL)*** atá údaraithe nó aitheanta i gcomhréir leis an Rialachán sin na hidirbhearta sin a imréiteach. Le Treoir 2009/65/CE, ní fhorchuirtear teorainneacha rialála ar riosca contrapháirtí ach amháin ***i leith*** idirbhearta díorthacha ***thar an gcuntar (OTC)***, gan beann ar cé acu a imréitíodh na díorthaigh go lárnach. Ós rud é go maolaíonn socruithe imréitigh lárnacha ***an*** riosca contrapháirtí atá ina dhlúthchuid de chonarthaí díorthacha, is gá a chur san áireamh an ndearna CPL atá údaraithe nó aitheanta i gcomhréir le ▌ Rialachán ***(AE) Uimh. 648/2012*** díorthach a imréiteach go lárnach agus is gá cothrom iomaíochta a bhunú idir díorthaigh arna dtrádáil ar an malartán agus díorthaigh thar an gcuntar, agus na teorainneacha riosca contrapháirtí is infheidhme á gcinneadh. Is gá freisin***,*** chun críocha rialála agus comhchuibhithe, gan ***fáil réidh*** le teorainneacha riosca contrapháirtí ach amháin nuair a úsáideann na contrapháirtithe CPLanna atá údaraithe nó aitheanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun seirbhísí imréitigh a sholáthar do chomhaltaí imréitigh agus dá gcliaint.

---

[3] Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1)

[4] Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán, agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

(2) Chun rannchuidiú le cuspóirí aontas na margaí caipitil, is gá, ar mhaithe le húsáid éifeachtúil CPLanna, aghaidh a thabhairt ar bhaic áirithe ar úsáid imréitigh lárnaigh i dTreoir 2009/65/CE agus soiléiriú a thabhairt i dTreoir 2013/36/AE[5] ▌ agus i dTreoir (AE) 2019/2034[6] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. D'fhéadfadh ábhair imní maidir le cobhsaíocht airgeadais eascairt as spleáchas iomarcach chóras airgeadais an Aontais ar CPLanna a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo (CPLanna ar Leibhéal 2) ó thríú tíortha, ar ábhair imní iad ***nach mór*** aghaidh a thabhairt orthu go hiomchuí. Chun an chobhsaíocht airgeadais san Aontas a áirithiú ▌ agus chun rioscaí tógálachta a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú go leormhaith ar fud chóras airgeadais an Aontais, ba cheart bearta iomchuí a thabhairt isteach, dá bhrí sin, chun cothú a dhéanamh ar an riosca comhchruinnithe a eascraíonn as neamhchosaintí i leith CPLanna a shainaithint, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu. Sa chomhthéacs sin, ba cheart Treoir 2013/36/AE agus Treoir (AE) 2019/2034 a leasú chun institiúidí agus gnólachtaí infheistíochta a spreagadh chun na bearta is gá a dhéanamh chun a samhlacha gnó a oiriúnú chun comhsheasmhacht a áirithiú ▌ leis na ceanglais nua maidir le himréiteach a tugadh isteach leis na leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 atá i Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[+7] agus chun ▌ feabhas ***foriomlán*** a chur ar a gcleachtais bainistithe riosca, ag féachaint do chineál, raon feidhme agus castacht a ngníomhaíochtaí margaidh freisin. Cé ***go bhfuil tacar cuimsitheach beart agus cumhachtaí maoirseachta ag*** na húdaráis inniúla ***cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh i gcleachtais bainistithe riosca na n-institiúidí***

---

**5** Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

**6** Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64).

\+ IO: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 41/24 (2022/0403(COD)) agus cuir isteach san fhonóta comhfhreagrach uimhir, dáta glactha agus tagairt foilseacháin an Rialacháin sin, lena n-áirítear a uimhir ELI.

**7** Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargaí imréitigh an Aontais a fheabhsú (IO...).

***agus na ngnólachtaí infheistíochta, lena n-áirítear an ceanglas*** cistí dílse breise ▌ a bheith acu i gcás rioscaí nach gcumhdaítear nó nach gcumhdaítear go leormhaith leis na ceanglais chaipitil atá ann cheana, ba cheart ***an tacar beart agus cumhachtaí maoirseachta sin a fheabhsú*** le huirlisí agus cumhachtaí breise agus níos ***sonraí faoi Cholún 2 i gcomhthéacs riosca comhchruinnithe iomarcach a eascraíonn as neamhchosaintí ar CPLanna***.

▌

(3) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon a áirithiú go ndéanfaidh institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta agus a n-údaráis inniúla faireachán agus maolú leormhaith ar an riosca comhchruinnithe a eascraíonn as neamhchosaintí i leith CPLanna Leibhéal 2 a thairgeann seirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach mhór ag baint leo agus deireadh a chur le teorainneacha riosca contrapháirtí le haghaidh idirbhearta díorthacha arna n-imréiteach go lárnach ag CPL atá údaraithe nó aitheanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta ▌ a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha 2009/65/CE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2009/65/CE

Leasaítear Treoir 2009/65/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 2(1), cuirtear an pointe seo a leanas ▌ leis:

‘(v) ciallaíonn ‘contrapháirtí lárnach’ nó ‘CPL’ CPL mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*].

___________

[*] Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).’;

(2) leasaítear Airteagal 52 mar a leanas:

(a) i mír 1, an dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Ní mó an neamhchosaint riosca ar chontrapháirtí de chuid GCUI in idirbheart díorthach nach ndéantar a imréiteach go lárnach trí CPL atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó atá aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin, ná aon cheann de na nithe seo a leanas: ▌’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Féadfaidh na Ballstáit an teorainn 5 % a leagtar síos i ***mír 1,*** an chéad fhomhír a ardú***, go*** huasmhéid 10 %. Má dhéanann siad amhlaidh, áfach, ní mó luach iomlán na n-urrús inaistrithe agus na n-ionstraimí margaidh airgid, atá i seilbh GCUInna sna comhlachtaí eisiúna a n-infheistíonn sé níos mó ná 5 % dá shócmhainní i ngach ceann acu, ná 40 % de luach a shócmhainní. Ní bheidh feidhm ag an teorannú sin maidir le taiscí ná le hidirbhearta díorthacha arna ndéanamh le hinstitiúidí airgeadais atá faoi réir maoirseacht stuamachta. ▌’;

(ii) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) neamhchosaintí a eascraíonn as idirbhearta díorthacha ***arna ndéanamh leis an gcomhlacht sin*** nach ndéantar a imréiteach go lárnach trí CPL atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó atá aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin ▌ .’

Airteagal 2

Leasuithe ar Threoir 2013/36/AE

Leasaítear Treoir 2013/36/AE mar a leanas:

(1) in Airteagal 74(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) próisis éifeachtacha chun na rioscaí a bhfuil siad neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh siad a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu***, lena n-áirítear rioscaí CSR sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma***, chomh maith le riosca comhchruinnithe a eascraíonn as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha, agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* á gcur i gcuntas;

___________

* Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).’;

(2) in Airteagal 76(2), cuirtear an fhomhír seo leanas leis:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go bhforbróidh an comhlacht bainistíochta pleananna sonracha agus spriocanna inchainníochtaithe i gcomhréir leis na ***ceanglais a leagtar síos*** in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun faireachán a dhéanamh ar an riosca comhchruinnithe a eascraíonn as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha a thairgeann seirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach shuntasach leo don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit agus chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin.’;

(3) in Airteagal 81, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú agus faireachán ar fhorbairtí ***i gcleachtais*** institiúidí ▌ maidir le bainistiú a riosca comhchruinnithe a eascraíonn as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha, lena n-áirítear na pleananna arna bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal 76(2), cúigiú fomhír den Treoir seo, chomh maith leis an dul chun cinn atá déanta le linn ***a*** samhlacha gnó a oiriúnú do ▌ na ceanglais a ***leagtar síos*** in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.’;

(4) in Airteagal 100, cuirtear an mhír seo a leanas▌ leis:

‘5. ***Forbróidh ÚBE, i gcomhar le ESMA, treoirlínte*** i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) ***Uimh. 1093/2010, chun*** modheolaíocht chomhsheasmhach a ***shonrú*** chun an riosca comhchruinnithe a eascraíonn as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha a chomhtháthú sa tástáil struis mhaoirseachta.

***Eiseoidh ÚBE na treoirlínte dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo faoin … [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].***’;

(5) in Airteagal ***104(1)***, cuirtear an pointe seo a leanas ▌ leis:

‘(o) a cheangal ar institiúidí***, i gcás ina measann an t-údarás inniúil go bhfuil riosca comhchruinnithe iomarcach ag eascairt as neamhchosaintí i leith contrapháirtí lárnach,*** neamhchosaintí i leith an chontrapháirtí lárnaigh ***sin*** a laghdú nó neamhchosaintí a athailíniú ar fud a gcuntas imréitigh i gcomhréir le hAirteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ▌ .’;

Airteagal 3

Leasuithe ar Threoir (AE) 2019/2034

Leasaítear Treoir (AE) 2019/2034 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(34) ciallaíonn ‘contrapháirtí lárnach’ nó ‘CPL’ CPL mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

(35) ciallaíonn ‘contrapháirtí lárnach cáilitheach’ nó ‘CPLC’ ‘contrapháirtí lárnach cáilitheach’ mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (88), de Rialachán (AE) Uimh.575/2013.

___________

* Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).’;

(2) in Airteagal 26(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) próisis éifeachtacha chun na rioscaí a mbeidh nó a d’fhéadfadh go mbeadh gnólachtaí infheistíochta neamhchosanta orthu, nó na rioscaí do pháirtithe eile a d’fhéadfadh a bheith ag baint leo, lena n-áirítear riosca comhchruinnithe a eascraíonn as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha, a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu, agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 á gcur i gcuntas;’;

(3) leasaítear Airteagal ***29(1)*** mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe [redacted] seo a leanas leis:

‘(e) foinsí ábhartha agus éifeachtaí an riosca comhchruinnithe a eascraíonn as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha agus aon tionchar ábhartha ar chistí dílse.’;

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis an chúigiú fomhír:

'Chun críoch na chéad fhomhíre, pointe (e), áiritheoidh na Ballstáit go bhforbróidh an comhlacht bainistíochta pleananna sonracha agus spriocanna inchainníochtaithe i gcomhréir leis na ***ceanglais a leagtar síos in*** Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun faireachán a dhéanamh ar an riosca comhchruinnithe a eascraíonn as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha a thairgeann seirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach shuntasach leo don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit agus chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin.';

(4) in Airteagal 36(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Chun críoch na chéad fhomhíre, pointe (a), déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú agus faireachán ar fhorbairtí ***i gcleachtais*** gnólachtaí infheistíochta ▌ maidir le bainistiú a riosca comhchruinnithe a eascraíonn as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha, lena n-áirítear na pleananna a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 29(1) den Treoir seo, chomh maith leis an dul chun cinn atá déanta le linn ***a*** samhlacha gnó a oiriúnú do ▌ na ceanglais a ***leagtar síos*** in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.’;

(5) leasaítear Airteagal 39(2) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Chun críocha Airteagal 29, ▌ Airteagal 36, Airteagal 37(3) agus Airteagal ***38*** den Treoir seo agus chun Rialachán (AE) ***2019/2013*** a chur i bhfeidhm, beidh ar a laghad na cumhachtaí seo a leanas ag na húdaráis inniúla:’;

(b) cuirtear an pointe ▌ seo a leanas leis:

‘(n) a cheangal ar ***ghnólachtaí infheistíochta*** neamhchosaintí i leith contrapháirtí lárnach a laghdú nó neamhchosaintí a athailíniú ar fud a gcuntas imréitigh i gcomhréir le hAirteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i gcás ina measann an t-údarás inniúil ***go*** bhfuil riosca comhchruinnithe iomarcach ag eascairt as neamhchosaintí i leith an chontrapháirtí lárnaigh sin.’;

Airteagal 4

Trasuí

1. Tabharfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin i bhfeidhm is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoin... [***18*** mí ***ó*** dháta theacht i bhfeidhm an rialacháin atá i ndoiciméad 2022/0403(COD)]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin ***láithreach***.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó ***beidh*** tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. ***Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar*** na tagairtí sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs ***phríomhbhearta*** an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 6

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh i/in/sa...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |